



## INNIÚLACHTAÍ CHÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Sa bhileog eolais seo déantar cur síos ar inniúlachtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), ina bhfuil dhá chúirt, [an Chúirt Bhreithiúnais](#) féin agus [an Chúirt Ghinearálta](#) agus a chuireann modhanna sásaimh éagsúla ar fáil, mar a leagtar síos in Airteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), in Airteagail 251-281 den Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), in Airteagal 136 de Chonradh Euratom, agus i bPrótacal Uimh. 3 atá i gceangal leis na Conarthaí ar Reachtaí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

### AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS

**A.** Imeachtaí díreacha in aghaidh Ballstát nó institiúide, comhlachta, oifige nó gníomhaireachta den Aontas Eorpach.

Tugann an Chúirt rialú ar na himeachtaí in aghaidh na stát nó na n-institiúidí sin nach bhfuil a n-oibleagáidí faoi dhlí AE comhlíonta acu.

**1.** Imeachtaí in aghaidh Ballstáit toisc nár chomhlíon sé oibleagáid

Is é a thionscnaíonn na caingne sin ná:

- An Coimisiún, tar éis réamhnós imeachta (Airteagal 258 CFAE): tugtar deis don stát a chuid barúlacha agus a thuairim réasúnaithe a chur isteach ([1.3.8](#));
- Nó Ballstát, in aghaidh Ballstát eile tar éis an t-ábhar a thabhairt os comhair an Choimisiúin (Airteagal 259 CFAE).

Ról na Cúirte:

- A dheimhniú nár chomhlíon an stát a chuid oibleagáidí, agus sa chás sin tá ceanglas ar an stát deireadh a chur láithreach leis an sárú.
- Má fhaigheann an Chúirt amach, tar éis don Choimisiún caingean bhreise a thionscnamh, nach bhfuil breith na Cúirte comhlíonta ag an mBallstát lena mbaineann, féadfaidh sí pionós airgeadais a ghearradh (cnapshuim sheasta agus/ nó íocaíocht phionósach thráthrialta), agus cinnfidh an Chúirt méid an phionóis bunaithe ar a mbeidh sonraí ag an gCoimisiún (Airteagal 260 CFAE).

**2.** Imeachtaí in aghaidh institiúidí AE le haghaidh neamhniú agus toisc nár ghníomhaigh siad

Ábhar: cásanna ina lorgaíonn an t-iarratasóir go ndéanfaí beart a chur ar neamhniú nach bhfuil i gcomhréir le dlí AE, dar leis (neamhniú: Airteagal 263 CFAE) nó, má rinneadh



sárú ar dhlí AE, i gcásanna nár ghníomhaigh institiúid, comhlacht nó gníomhaireacht (Airteagal 265 CFAE).

Tarchur: féadfaidh na Ballstáit, na hinstiúidí féin nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach caingne a thionscnamh má bhaineann na caingne le beart (go háirithe rialachán, treoir nó cinneadh) a ghlac institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de AE agus atá dírithe chucu.

Ról na Cúirte: dearbhaíonn an Chúirt go bhfuil an gníomh ar neamhní nó dearbhaíonn sí nár gníomhaíodh, agus sa chás sin ní mór don institiúid ar a bhfuil an locht na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh (Airteagal 266 CFAE).

### 3. Imeachtaí díreacha eile

Ós rud é go dtagann na caingne céadchéime ar fad dá dtagraítear in Airteagail 263, 265, 268, 270 agus 272 CFAE faoi dhlínse na Cúirte Ginearálta, ní thabharfar os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ach caingne in aghaidh cinntí ón gCoimisiún lena bhforchuirtear pionóis ar ghnólachtaí (Airteagal 261), mar aon leo siúd dá bhforáiltear i [Reacht na Cúirte Breithiúnais](#) (arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 741/2012 an 11 Lúnasa 2012, le Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 an 16 Nollaig 2015 agus le Rialachán (AE, Euratom) 2016/1192 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016). Foráiltear in Airteagal 51 de Reacht na Cúirte Breithiúnais, de mhaolú ar an riail a leagtar síos in Airteagal 265(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go bhfágfar na caingne dá dtagraítear in Airteagal 263 agus Airteagal 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh faoi dhlínse na Cúirte Breithiúnais nuair a thionscnaíonn Ballstát iad:

- i gcoinne gníomh nó neamhghníomh de chuid Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, nó de chuid an dá institiúid sin ag gníomhú dóibh go comhphárteach, seachas:
  - cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle faoin tríú fomhír d’Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
  - gníomhartha de chuid na Comhairle arna nglacadh de bhun rialachán ón gComhairle maidir le bearta chun trádáil a chosaint de réir bhrí Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
  - gníomhartha de chuid na Comhairle lena gcuireann sí cumhachtaí feidhmithe chun feidhme i gcomhréir leis an dara mír d’Airteagal 291 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
- i gcoinne gníomh nó neamhghníomh de chuid an Choimisiúin faoin gcéad mhír d’Airteagal 331 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Forchoimeádtar dlínse freisin chuig an gCúirt Bhreithiúnais sna caingne dá dtagraítear sna hAirteagail chéanna nuair a thionscnaíonn institiúid de chuid an Aontais iad i gcoinne gníomh nó neamhghníomh de chuid Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, nó de chuid an dá institiúid sin ag gníomhú dóibh go comhphárteach, nó de chuid an Choimisiúin, nó nuair a thionscnaíonn institiúid de chuid an Aontais iad i gcoinne gníomh nó neamhghníomh de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh.



**B.** Imeachtaí indíreacha: ceist na bailíochta arna tabhairt ar aird os comhair cúirt nó binse náisiúnta (Airteagal 267 CFAE — réamhrialuithe)

Is gnách gur faoi na cúirteanna náisiúnta a bhíonn sé dlí AE a chur i bhfeidhm sa chás gur gá sin. Nuair a thugtar saincheist a bhaineann le léirmhíniú an dlí ar aird os comhair cúirt nó binse náisiúnta, áfach, féadfaidh an chúirt nó an binse réamhrialú a lorg ón gCúirt Bhreithiúnais. Más cúirt céime deiridh í, ní mór an t-ábhar a chur faoi bhráid na Cúirte. Cuireann an chúirt náisiúnta na ceisteanna isteach faoi léirmhíniú nó faoi bhailíocht forála de dhlí AE, i bhfoirm cinneadh breithiúnach de ghnáth, i gcomhréir leis na rialacha nós imeachta náisiúnta. Tugann an Chlárann fógra faoin iarraidh do na páirtithe sna himeachtaí náisiúnta agus do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais Eorpaigh freisin. Bíonn dhá mhí acu chun aon bharúlacha i scríbhinn a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais.

**C.** Freagracht ag an dara céim

Tá an dlínse ag an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar achomhairc atá teoranta do phointí dlí i rialuithe agus in orduithe na Cúirte Ginearálta. Ní bhíonn éifeacht fionraíochta leis na hachomhairc.

Má mheastar go bhfuil an t-achomharc inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis, cuireann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh na Cúirte Ginearálta i leataobh agus déanann sí féin cinneadh faoin gcás, é sin nó ní mór di an cás a chur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta a bheidh faoi cheangal ag cinneadh na Cúirte Breithiúnais ina leith.

## **A BHFUIL BAINTE AMACH**

Tá léirithe ag an gCúirt Bhreithiúnais gur gné an-tábhachtach í de lánpháirtiú na hEorpa – nó gur ceann feadhna í fiú.

**A.** Go ginearálta

Ina breithiúnas an 5 Feabhra 1963 i gcás Van Gend & Loos bunaíodh an prionsabal go bhfuil dlí an Chomhphobail infheidhme go díreach i gcúirteanna na mBallstát. Ar an gcaoi chéanna, bhí a breithiúnas an 15 Iúil 1964 i gcás Costa v ENEL ríthábhachtach ó thaobh dlí an Chomhphobail a shainmhíniú mar chóras neamhspleách a bhfuil forlámhas aige ar fhorálacha náisiúnta dlí. I measc na mbreithiúnas tábhachtach eile a bhaineann le cearta an duine a chosaint, tá breithiúnas an 14 Bealtaine 1974 i gcás *Nold*, inar chuir an Chúirt in iúl go bhfuil cearta bunúsacha an duine ina ndlúthchuid de phrionsabail ghinearálta an dlí lena seasann sí ([4.1.1](#)).

**B.** In ábhair shonracha

- Saorghluaiseacht earraí: breithiúnas an 20 Feabhra 1979 i gcás Cassis de Dijon, inar rialaigh an Chúirt nach mór aon táirge a mhonaraítear agus a mhargaítear go dleathach i mBallstát amháin a ligean isteach ar mhargadh aon Bhallstáit eile.
- Saorghluaiseacht daoine: cuireadh in iúl i mbreithiúnas Bosman ó 1995 gur gníomhaíocht eacnamaíoch é spórt gairmiúil nach bhféadfar bac a chur ar a fheidhmiú le rialacha na gcónaidhmeanna sacair lena rialaítear aistriú na n-imreoirí nó lena gcuirtear srian le líon na náisiúnach ó Bhallstáit eile.



- Dlíne sheachtrach an Chomhphobail: breithiúnas AETR an 31 Márta 1971, i gcás *An Coimisiún v An Chomhairle*, inar aithníodh ceart an Chomhphobail comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích i réimsí ina bhfuil feidhm ag rialacháin an Chomhphobail.
- Sa bhliain 1991, i gcás *Francovich and Others*, d'fhorbair an Chúirt coincheap bunúsach eile: dlíteanas Ballstáit i leith daoine aonair as damáiste a dhéantar dóibh de dheasca sárú a rinne an Ballstát sin toisc nár thrasuigh sé treoir ina dlí náisiúnta nó nach ndearna sé amhlaidh in am trátha.
- Breithiúnais éagsúla a bhaineann le slándáil shóisialta (cás *Defrenne* ó 1976 ar son íocaíocht chomhionann d'fhir agus do mhná) agus sláinte agus sábháilteacht oibrithe (cás *BECTU* ó 2001).

Is é ceann de mhórbhuanna na Cúirte a ráiteas i leith an phrionsabail nár cheart na Conarthaí a léirmhíniú go docht, ach gur cheart breathnú orthu i bhfianaise staid lánpháirtithe agus chuspóirí na gConarthaí féin. De bharr an phrionsabail sin bhíothas in ann reachtaíocht a ghlacadh i réimsí nach bhfuil aon fhorálacha sonracha Conartha ann ina leith, amhail an comhrac in aghaidh an truaillithe: i gcás *An Coimisiún v An Chomhairle* an 13 Meán Fómhair 2005, thug an Chúirt údarás don Aontas Eorpach bearta a dhéanamh a bhaineann leis an dlí coiriúil, nuair atá an méid sin 'riachtanach' chun an cuspóir maidir le caomhnú an chomhshaoil a bhaint amach.

Cruthaíodh Gréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh ar thionscnamh Uachtaráin na Cúirte Breithiúnais agus Uachtarán chúirteanna bunreachtúla agus uachtaracha na 28 mBallstát, tráth chomóradh 60 bliain shíniú Chonarthaí na Róimhe in 2017.

Ceapadh é chun malartú faisnéise maidir le dlí-eolaíocht idir na cúirteanna náisiúnta rannpháirteacha agus CBAE a chur chun cinn. Ar shuíomh le rochtain shrianta, foilsíonn na cúirteanna náisiúnta rannpháirteacha agus CBAE eolas maidir lena ndlí-eolaíocht a bhaineann le dlí AE, maidir le ceisteanna a bhí tharchurtha ag na cúirteanna náisiúnta go dtí CBAE le haghaidh réamhrialaithe, agus maidir le nótaí agus staidéir.

Ba é an chéad éacht a rinne an Gréasán ná ardán comhoibritheach a chruthú (ardán GBAE), atá ar fáil i ngach teanga AE, a thugann le chéile an obair atá déanta ag breithiúna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus breithiúna náisiúnta le linn a ngníomhaíochtaí breithiúnacha. Tá rochtain ag breithiúna ar uirlis chun a gcásdlí agus a n-obair thaighde agus anailíse a chur ar fáil dá gcomhpháirtithe, d'fhonn eolas a roinnt agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht.

Faoi láthair, tá níos mó ná 2000 úsáideoir ag árdán GBAE i gcúirteanna bunreachtúla agus uachtaracha na mBallstát.

## AN CHÚIRT GHINEARÁLTA

### (1.3.9)

#### A. Dlíne na Cúirte Ginearálta (Airteagal 256 CFAE)

Tá dhá chúirt i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; an [Chúirt Bhreithiúnais](#) féin agus an [Chúirt Ghinearálta](#). Ós rud é go bhfuil dlíne eisiach ag an gCúirt Bhreithiúnais ar chaingne idir na hinstiúidí agus ar na caingne sin a thionscnaíonn Ballstát in



aghaidh Pharlaimint na hEorpa agus/nó in aghaidh na Comhairle, tá dlínse ag an gCúirt Ghinearálta, ar an gcéad chéim, sna caingne eile ar fad den chineál sin, go háirithe i gcaingne a thionscnaíonn daoine aonair agus na caingne a thionscnaíonn Ballstát in aghaidh an Choimisiúin.

Foráiltear in CFAE go bhfuil dlínse ag an gCúirt Ghinearálta caingne dá dtagraítear in Airteagail 263, 265, 268, 270 agus 272 CFAE a éisteacht ar an gcéad chéim, go háirithe sna réimsí a leagtar amach thíos, seachas má thionscnaíonn na Ballstáit, institiúidí AE nó an Banc Ceannais Eorpach na caingne, agus sa chás sin is ag an gCúirt Bhreithiúnais amháin atá dlínse (Airteagal 51 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais AE):

- Caingne chun gníomhartha de chuid institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí AE a chur ar neamhní nó caingne arna dtionscnamh in aghaidh na n-institiúidí ag daoine aonair nó daoine dlítheanacha (Airteagal 263 agus Airteagal 265 CFAE);
- Caingne arna dtionscnamh ag na Ballstáit in aghaidh an Choimisiúin;
- Caingne chun an damáiste arna dhéanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí AE nó a bhfoireann a chúiteamh (Airteagal 268 CFAE);
- Díospóidí a bhaineann le conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, nó thar a cheann, lena dtugtar dlínse don Chúirt Ghinearálta (Airteagal 272 CFAE);
- Caingne maidir le maoin intleachtúil arna dtionscnamh in aghaidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus in aghaidh na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí;
- Díospóidí idir an tAontas agus a chuid seirbhíseach, lena n-áirítear díospóidí idir na h-institiúidí ar fad agus na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí ar fad, ar lámh amháin, agus a gcuid seirbhíseach, ar an lámh eile;
- Caingne arna dtionscnamh in aghaidh chinntí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

Leis an Reacht, féadfar dlínse na Cúirte Ghinearálta a leathadh amach go réimsí eile.

Go ginearálta, féadfaidh na breithiúnais a thugann an Chúirt Ghinearálta a bheith faoi réir ceart achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais, ach tá sé sin teoranta do phointí dlí.

## **B. Réamhrialuithe**

Tá an dlínse ag an gCúirt Ghinearálta réamhrialuithe a thabhairt (Airteagal 267 CFAE) sna réimsí arna leagan síos ag an Reacht (Airteagal 256(3) CFAE). Ós rud é nár tugadh aon fhorálacha isteach sa Reacht maidir leis sin, áfach, is ag an gCúirt Bhreithiúnais amháin atá dlínse réamhrialuithe a thabhairt faoi láthair.

## **C. Freagracht i leith achomharc**

Féadfaidh rialuithe arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta, atá teoranta do phointí dlí, a bheith faoi réir achomharc, laistigh de dhá mhí, os comhair na Cúirte Breithiúnais.



## AN BINSE UM SHEIRBHÍS SHIBHIALTA AN AONTAIS EORPAIGH

An 1 Meán Fómhair 2016, aistríodh díospóidí idir an tAontas agus a chuid seirbhíseach chuig an gCúirt Ghinearálta (1.3.9), agus lánscoireadh an Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh, a cruthaíodh in 2004, dá bharr. Dá bhrí sin, rinneadh Cinneadh 2004/752/CE, Euratom, ón gComhairle lena mbunaítear an Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh a aisghairm le Rialachán (AE, Euratom) 2016/1192 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le dlínse ag an gcéad chéim a aistriú chuig an gCúirt Ghinearálta i ndíospóidí idir an tAontas Eorpach agus a sheirbhísigh. An 1 Meán Fómhair 2016, aistríodh na cásanna a bhí ar feitheamh os comhair an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta amhail an 31 Lúnasa 2016 go dtí an Chúirt Ghinearálta, agus lean an Chúirt Ghinearálta de bheith ag déileáil leis na cásanna sin ón staid ag a raibh siad tráth an aistrithe agus bhí feidhm i gcónaí ag na céimeanna nós imeachta a thóg an t-iar-Bhinse um Sheirbhís Shibhialta sna cásanna sin. I gcás ina n-aistreofaí cás go dtí an Chúirt Ghinearálta i ndiaidh na héisteachta, d'athosclofaí an chéim ó bhéal den nós imeachta.

Tugadh córas idirthréimhseach isteach maidir le hachomhairc a bhí faoi scrúdú nuair a aistríodh dlínse an 1 Meán Fómhair 2016, nó a tionscnaíodh tar éis an dáta sin, in aghaidh chinntí an Bhinse um Sheirbhís Shibhialta. Beidh dlínse fós ag an gCúirt Ghinearálta na hachomhairc sin a éisteacht agus a chinneadh. Dá réir sin, ní mór feidhm a bheith i gcónaí ag Airteagal 9 go hAirteagal 12 d'larscríbhinn I de Reacht na Cúirte maidir leis na himeachtaí sin.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

De réir Airteagal 257 CFAE, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, cúirteanna speisialaithe a bhunú a bheidh i gceangal leis an gCúirt Ghinearálta chun aicmí áirithe caingne nó imeachtaí i réimsí sonracha a éisteacht agus a chinneadh ar an gcéad chéim. Ní mór do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle gníomhú trí bhíthin rialachán ar thogra ón gCoimisiún tar éis dul i gcomhairle leis an gCúirt Bhreithiúnais nó arna iarraidh sin don Chúirt Bhreithiúnais tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

De réir Airteagal 281 CFAE, leagtar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh síos i bPrótacal ar leithligh, agus féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, an Reacht sin a leasú.<sup>[1]</sup>

Tá Parlaimint na hEorpa ar cheann de na hinstiúidí a luaitear in Airteagal 263 CFAE a fhéadfaidh caingean a thionscnamh (mar pháirtí) os comhair na Cúirte.

Udo Bux  
05/2019

---

[1]Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 741/2012 an 11 Lúnasa 2012, Rialachán (AE, Euratom) 2015/2422 an 16 Nollaig 2015 agus Rialachán (AE, Euratom) 2016/1192 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016.

